An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Faisnéise TC/IN 0004/2023**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus chuig Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# COVID-19: Athruithe ar Shaoire Speisialta le Pá ón 22 Bealtaine 2023 do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna aitheanta

## 1. Réamhrá

1.1 Tugann an Nóta Faisnéise seo fógra d'fhostóirí maidir le hathruithe ar Shaoire Speisialta le Pá (SLWP) a bhaineann le COVID-19 don tseirbhís phoiblí mar atá treoraithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER).

1.2 Tá na hathruithe seo á ndéanamh chun na hathruithe a rinneadh le déanaí ar an tréimhse féin-aonraithe ag teacht leis an gcomhairle sláinte poiblí reatha a chur san áireamh.

1.3 Baineann na hathruithe sa Nóta Faisnéise seo le múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta (fostaithe) atá fostaithe in mbunscoileanna agus ina iar-bhunscoileanna aitheanta, a chuireann tús le SLWP COVID-19 ón 22 Bealtaine 2023 ar aghaidh.

1.4 Ní mór do gach fostóir na hathruithe ar SLWP COVID-19 a fheidhmiú agus ní mór do na fostaithe go léir cloí leis na hathruithe sin.

1.5 Tabhair do d'aire, le do thoil, gur cheart an Nóta Faisnéise seo a léamh in gcomhar le Ciorclán 0038/2022 maidir le socruithe oibre agus saoire d'fhostaithe.

## 2. Saoire Speisialta le Pá maidir le COVID-19

2.1 Ag teacht le mír 2.2.2 de Chiorclán 0038/2022, bíonn Saoire Speisialta le pá infheidhme (a) nuair a thosaíonn fostaí ag léiriú comharthaí COVID-19 nó (b) nuair a fhaigheann fostaí toradh deimhneach ar thástáil PCR/antaigine.

2.2 Tá an chomhairle reatha ó FSS maidir le féin-aonrú ar fáil ag an nasc: Má tá COVID-19 ort-HSE.ie. Tugann FSS le fios faoi láthair nach mór do dhuine féin-aonrú ar feadh tréimhse 5 lá.

2.3 De bhrí go bhféadfadh comhairle sláinte poiblí athrú, féach i gcónaí ar shuíomh gréasáin FSS chun an t-eolas is déanaí a fháil.

## 3. Athruithe ar Shaoire Speisialta le Pá maidir le COVID-19 le héifeacht ón 22 Bealtaine 2023

3.1 Ón 22 Bealtaine 2023, i gcás go dtosaíonn fostaí ag léiriú comharthaí COVID-19 nó go bhfaigheann sé/sí toradh deimhneach ar thástáil do COVID-19, beidh uasteorainn

de 5 lá as a chéile de Shaoire Speisialta le Pá (lena n-áirítear an deireadh seachtaine/amanna dúnta scoileanna) in aon chás ar leith, infheidhme.

3.2 I gcás nach bhfuil an fostaí ábalta don obair ó thaobh sláinte de i ndiaidh 5 lá as a chéile, beidh téarmaí agus coinníollacha na Scéime Saoire Breoiteachta infheidhme.

3.3 I gcás fostaí a chuireann tús le SLWP COVID-19 roimh an 22 Bealtaine 2023, is í an uasteidlíocht a bheidh aige/aici ná 7 lá as a chéile, ag teacht le Ciorclán 0038/2022.

## 4. Gnás Iarratais agus Taifeadta do Shaoire Speisialta le Pá maidir le COVID-19

4.1 Ag teacht le mír 2.5 de Chiorclán 0038/2022, ní mór d'fhostaí a thosaíonn ag léiriú comharthaí COVID-19 nó a fuair toradh deimhneach do thástáil antaigine/PCR maidir le COVID-19 an Fhoirm Iarratais ag Aguisín A den Chiorclán a chomhlánú, chun iarratas a dhéanamh ar Shaoire Speisialta le Pá maidir le COVID-19.

4.2 Ní mór d'fhostaí a fhaigheann toradh deimhneach ar thástáil antaigine do COVID-19 an toradh sin a thuairisciú ar thairseach FSS faoi láthair. Ní mór don fhostaí deimhniú ar an taifead FSS seo a sholáthar don fhostóir, mar fhianaise thacaíochta (tá gabháil scáileáin inghlactha mar fhianaise), chomh maith le dáta na tástála. I gcás nach bhfuil tairseach FSS ar fáil a thuilleadh, tá gabháil scáileáin de thoradh na tástála inghlactha, mar fhianaise ar thoradh tástála deimhneach.

4.3 Ní mór don fhostaí a fhaigheann toradh tástála deimhneach PCR do COVID-19 fianaise thacaíochta ar thoradh tástála deimhneach PCR do COVID-19 a sholáthar don fhostóir, dáta na tástála san áireamh.

4.4 I gcás scoileanna a bhfuil OLCS na Roinne in úsáid acu, ní mór don fhostóir Saoire Speisialta le Pá a thaifeadadh ar an OLCS faoi 'Saoire Phearsanta', san fhochatagóir dar teideal 'COVID-19: Saoire Speisialta le Pá'. Ní mór do scoileanna BOO an tsaoire sin a thaifeadadh ar a gcóras BOO ábhartha.

4.5 Ní mór go mbeadh an fostóir sásta leis an bhfianaise dhoiciméadach a chuireann an fostaí ar fáil, sula ndéantar an tréimhse de Shaoire Speisialta le Pá do COVID-19 a thaifeadadh ar an OLCS/gcóras BOO ábhartha.

## 5. Scaipeadh an Nóta Faisnéise

5.1 Cinntigh, le do thoil, go scaipfear an Nóta Faisnéise seo ar gach comhalta den Bhord Bainistíochta/de na Boird Oideachais agus Oiliúna agus go ndíreofar aird na múinteoirí agus na CRSanna go léir atá fostaithe agat ar a bhfuil ann, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil cead neamhláithreachta acu.

5.2 Féadfar teacht ar an Nóta Faisnéise seo ar láithreán gréasáin na Roinne ag gov.ie.

**James Walsh**
**Príomhoifigeach**
**An Rannán um Théarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí agus CRSanna**

**15 Bealtaine 2023**